2026/817

17.11.2026

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2026/817 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Meán Fómhair 2026

lena leagtar síos rialacha i ndáil leis an nós imeachta um aistarraingt shealadach socruithe fabhracha agus deonú beart ginearálta coimirce faoi Rialachán (AE) 2026/1395 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear i bhfeidhm scéim ghinearálaithe um fhabhair tharaife agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2026/1395 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2026 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim ghinearálaithe um fhabhair tharaife agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 978/2011 (Rialachán GSP) ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(13), Airteagal 23(16), agus Airteagal 26(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun trédhearcacht agus intuarthacht a áirithiú i gcás na nósanna imeachta um aistarraingt shealadach socruithe fabhracha de bhun Airteagail 15, 16, 22, 23 agus 24 de Rialachán GSP, agus um ghlacadh beart ginearálta coimirce de bhun Chaibidil VII, Roinn I de, thug Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun rialacha a leagan síos maidir le spriocdhátaí, cearta na bpáirtithe, rúndacht agus athbhreithniú na mbeart arna nglacadh go háirithe, agus, a mhéid a bhaineann le hAirteagal 26(4), maidir le nochtadh, fíorú agus cuairteanna freisin,

(2) I bhfianaise Airteagal 44 de Rialachán GSP, is iomchuí go gcoimeádfaidh an Coimisiún eolas cuí le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle maidir le céimeanna tábhachtacha nós imeachta de chur chun feidhme Rialachán GSP, tionscnamh nós imeachta um aistarraingt shealadach nó imscrúdaithe coimirce cuir i gcás, sin nó é a bheith beartaithe aige an socrú fabhrach a aistarraingt go sealadach i gcás easnaimh thromchúiseacha chórasacha a bhaineann leis an oibleagáid idirnáisiúnta go ndéanfadh tír a cuid náisiúnach féin a athligean isteach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

RIALACHA A BHAINEANN LEIS AN NÓS IMEACHTA UM AISTARRAINGT SHEALADACH SOCRUITHE FABHRACHA

Airteagal 1

Scrúdú faisnéise

1. An fhaisnéis uile a mheasann an Coimisiún a bheith riachtanach, déanfaidh sé é a lorg agus a mheasúnú, i gcomhréir le forálacha ábhartha Rialachán GSP. Cuirfear san áireamh freisin an rannpháirtíocht fheabhsaithe dá dtagraítear in Airteagail 20, 21 agus 22 de Rialachán GSP, i gcás inarb infheidhme. Agus an Coimisiún ag teacht ar a chuid chonclúidí, déanfaidh sé an fhaisnéis ábhartha uile a mheasúnú, faisnéis ón tsochaí shibhialta san áireamh.

2. Soláthróidh an Coimisiún tréimhse ama réasúnach a bhféadfaidh tríú páirtithe a gcuid tuairimí a chur in iúl i scríbhinn lena linn ach an fhaisnéis ábhartha a sheoladh chuig an gCoimisiún. Sonrófar an tréimhse sin san fhógra ina bhfógrófar tionscnamh an nós imeachta um aistarraingt shealadach, dá bhforáiltear faoi Airteagal 23(4) de Rialachán GSP. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh tuairimí arna gcur in iúl ag na tríú páirtithe sin, ach fianaise leordhóthanach a bheith ar a gcúl.

3. I gcás ina bhfaigheann an Coimisiún amach gur sholáthair an tír is tairbhí lena mbaineann nó aon tríú páirtí a tháinig chun tosaigh i gcomhréir le mír 2, gur sholáthair siad faisnéis bhréagach nó mhíthreorach, cuirfidh sé an fhaisnéis chéanna as an áireamh.

([1]) IO L, 2026/1395, 22.6.2026, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1395/oj.

Airteagal 2

Comhad comhdhéanta

1. I gcás inar thionscain an Coimisiún an nós imeachta um aistarraingt shealadach an tsocraithe fhabhraigh, cruthóidh sé comhad comhdhéanta. I gcomhad comhdhéanta beidh na doiciméid a bhaineann le hábhar i dtaobh teacht ar chonclúidí, lena n-áirítear faisnéis arna soláthar ag an tír is tairbhí lena mbaineann, faisnéis arna soláthar ag tríú páirtithe a tháinig chun tosaigh i gcomhréir le hAirteagal 1(2), agus aon fhaisnéis ábhartha eile a fuair an Coimisiún, fianaise a cuireadh isteach trí bhíthin gearáin san áireamh.

2. An tír is tairbhí agus tríú páirtithe leasmhara a chuir isteach faisnéis a bhfuil fianaise leordhóthanach ar a cúl i gcomhréir le hAirteagal 1(2), tá sé de cheart acu rochtain a fháil ar an gcomhad comhdhéanta, ach é sin a iarraidh i scríbhinn. Féadfaidh siad an fhaisnéis uile atá sa chomhad comhdhéanta a iniúchadh, seachas doiciméid inmheánacha arna n-ullmhú ag institiúidí an Aontais nó ag údaráis na mBallstát, ar bhealach ina dtabharfar aird chuí ar na hoibleagáidí rúndachta a luaitear in Airteagal 47 de Rialachán GSP.

3. Comhlíonfaidh inneachar comhaid chomhdhéanta na forálacha rúndachta i gcomhréir le hAirteagal 47 de Rialachán GSP.

Airteagal 3

Oibleagáid chomhoibrithe na dtíortha is tairbhithe de GSP +

1. I gcás inar thionscain an Coimisiún an nós imeachta um aistarraingt shealadach an tsocraithe fhabhraigh dá bhforáiltear faoin socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas (GSP+) i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán GSP, cuirfidh an tír is tairbhí de GSP + lena mbaineann isteach an fhaisnéis riachtanach uile a chruthaíonn go bhfuil oibleagáidí a eascraíonn as a ngealltanais cheangailteacha á gcomhlíonadh aici, laistigh den tréimhse dá bhforáiltear san fhógra ón gCoimisiúin.

2. Easpa comhoibrithe a bheith i gceist i gcás na tíre is tairbhí de GSP + lena mbaineann, ní rud é a chuirfidh bac ar an gceart rochtain a fháil ar an gcomhad comhdhéanta.

3. Má dhiúltaíonn an tír is tairbhí de GSP + comhoibriú, nó mura soláthraíonn sí an fhaisnéis riachtanach laistigh den teorainn ama ábhartha nó má chuireann sí bac mór ar an nós imeachta, féadfaidh an Coimisiún teacht ar a chuid fionnachtain de réir na bhfíoras atá ar fáil, bíodh na fionnachtana sin dearfach nó diúltach.

Airteagal 4

Éisteacht ghinearálta

1. An tír is tairbhí lena mbaineann agus tríú páirtithe a chuir isteach faisnéis a bhfuil fianaise leordhóthanach ar a cúl i gcomhréir le hAirteagal 1(2), tá sé de cheart acu éisteacht a fháil os comhair an Choimisiúin.

2. Cuirfidh siad iarraidh isteach i scríbhinn ina sonrófar cé na húdair atá le héisteacht ó bhéal a thabhairt dóibh. Cuirfear iarrataí dá leithéid faoi bhráid an Choimisiúin mí ar a mhéid tar éis an dáta a tionscnaíodh nós imeachta um aistarraingt shealadach.

Airteagal 5

Rannpháirtíocht an Oifigigh Éisteachta um Imeachtaí Trádála

1. An tír is tairbhí lena mbaineann agus tríú páirtithe a chuir isteach faisnéis a bhfuil fianaise leordhóthanach ar a cúl i gcomhréir le hAirteagal 1(2), féadfaidh sí a iarraidh freisin go ndéanfadh an tOifigeach Éisteachta um Imeachtaí Trádála idirghabháil. Athbhreithneoidh an tOifigeach Éisteachta um Imeachtaí Trádála iarrataí ar rochtain ar an gcomhad comhdhéanta, díospóidí maidir le rúndacht na ndoiciméad, iarratais go gcuirfí siar teorainneacha ama, agus iarratais ar éisteacht a fháil.

2. Tríú páirtithe a chuir isteach faisnéis a bhfuil fianaise leordhóthanach ar a cúl i gcomhréir le hAirteagal 1(2), féadfaidh siad a iarraidh go ndéanfadh an tOifigeach Éisteachta idirghabháil, chun a fhíorú ar chuir an Coimisiún a gcuid barúlacha san áireamh. Cuirfear an iarraidh i scríbhinn isteach tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dhul in éag na tréimhse arna soláthar i dtaobh tuairimí a chur in iúl.

3. Má bhíonn éisteacht ó bhéal os comhair an Oifigigh Éisteachta um Imeachtaí Trádála ag an tír is tairbhí lena mbaineann nó ag tríú páirtithe a chuir isteach faisnéis a bhfuil fianaise leordhóthanach ar a cúl i gcomhréir le hAirteagal 1(2), beidh ranna ábhartha an Choimisiúin rannpháirteach san éisteacht sin.

Airteagal 6

Nochtadh le haghaidh imscrúduithe faoi Airteagal 15 de Rialachán GSP

1. Cuirfidh an Coimisiún in iúl don tír is tairbhí de GSP+ lena mbaineann na sonraí is bonn do na fíorais agus na breithniúcháin bhunúsacha a bhfuil sé i gceist ag an gCoimisiún cinntí a dhéanamh dá réir de bhun Airteagal 15(8) agus 15(9) de Rialachán GSP.

2. Is i scríbhinn a dhéanfar an nochtadh, agus tabharfar aird chuí ar chosaint faisnéise rúnda, i gcomhréir le hAirteagal 47 de Rialachán GSP. Cuimseoidh an scríbhinn sin fionnachtana an Choimisiúin, agus léireofar inti an rún sealadach atá aige i dtaobh cé acu a dhéanfar an nós imeachta um aistarraingt shealadach a fhoirceannadh nó a dhéanfar an socrú fabhrach a aistarraingt.

3. Déanfar an nochtadh a luaithe is féidir agus, de ghnáth, déanfar é tráth nach déanaí ná 45 lá roimh chinneadh cinntitheach ón gCoimisiún i dtaobh aon togra maidir le gníomhú críochnaitheach. Mura féidir leis an gCoimisiún fíorais nó breithniúcháin áirithe a nochtadh an t-am sin, nochtfar iad sin a luaithe is féidir ina dhiaidh sin

4. Ní rud é an nochtadh a ndéanfar dochar dá réir d'aon chinneadh a dhéanfar amach anseo. Más ar aon fhíoras eile nó ar aon bhreithniúchán eile a bhunófar cinneadh eile amach anseo, nochtfar iad sin a luaithe is féidir.

5. Aon aighneacht a dhéanfar tar éis an nochtadh a thabhairt, ní chuirfear san áireamh í ach amháin má fhaightear í laistigh den tréimhse a shocróidh an Coimisiún i ngach cás, tréimhse a mhairfidh ar feadh 14 lá tar éis an nochta ar a laghad, i bhfianaise na práinne a bhaineann leis an gceist.

Airteagal 7

Athbhreithniú

1. I gcás ina ndearnadh an socrú fabhrach a aistarraingt go sealadach ó thír is tairbhí, bíodh an aistarraingt sin iomlán nó páirteach, féadfaidh an tír is tairbhí lena mbaineann iarraidh i scríbhinn a chur isteach go ndéanfaí an socrú fabhrach a athbhunú, má mheasann sí nach bhfuil feidhm a thuilleadh leis na cúiseanna a d'fhág go raibh údar leis an aistarraingt shealadach.

2. Féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh féachaint an bhfuil gá le haistarraingt shealadach na bhfabhar in aon chás ina measann sé nach bhfuil na coinníollacha maidir leis an aistarraingt sin á gcomhlíonadh a thuilleadh nó go bhfuil athrú tagtha orthu agus féadfaidh sé raon feidhme na mbeart aistarraingthe a choigeartú dá réir i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán GSP.

3. Beidh feidhm ag forálacha na caibidle seo *mutatis mutandis* maidir leis an athbhreithniú ar aistarraingt shealadach an tsocraithe fhabhraigh.

CAIBIDIL II

RIALACHA A BHAINEANN LEIS AN NÓS IMEACHTA UM BEARTA GINEARÁLTA COIMIRCE A GHLACADH

Airteagal 8

Tionscnamh imscrúdaithe ach sin a bheith iarrtha

1. Is i scríbhinn, i bhfoirm rúnda agus i bhfoirm neamhrúnda, a chuirfear isteach iarraidh ar imscrúdú coimirce a thionscnamh de réir Airteagal 28(2) de Rialachán GSP. Sa scríbhinn sin, beidh an fhaisnéis atá le fáil go réasúnta ag an bpáirtí iarrthach maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) céannacht na dtáirgeoirí gearánacha de chuid an Aontais agus tuairisc uathu ar mhéid agus ar luach a gcuid táirgthe san Aontas a mhéid a bhaineann leis an táirge comhchosúil nó leis an táirge lena bhfuiltear in iomaíocht dhíreach. I gcás inar thar ceann táirgeoirí de chuid an Aontais a dhéantar iarraidh i scríbhinn, sainaithneofar cé hiad na táirgeoirí de chuid an Aontais a bhfuil an gearán á dhéanamh thar a gceann. Chomh maith leis sin, liostófar san iarraidh táirgeoirí aitheanta eile (nó comhlachais de tháirgeoirí de chuid an Aontais a tháirgeann an táirge comhchosúil nó an táirge lena bhfuiltear in iomaíocht dhíreach) laistigh den Aontas nach bhfuil ag gearán, agus tabharfar tuairisc ar mhéid agus ar luach a dtáirgthe siúd laistigh den Aontas;

(b) tuairisc iomlán ar an táirge comhchosúil nó ar an táirge lena bhfuiltear in iomaíocht dhíreach, ainm na tíre is onnmhaireoir lena mbaineann, céannacht gach onnmhaireora aitheanta nó gach táirgeora eachtraigh aitheanta agus liosta de na daoine aitheanta a allmhairíonn an táirge atá i gceist isteach san Aontas;

(c) faisnéis maidir leis na leibhéil agus na treochtaí atá i gceist i dtaobh mhéideanna agus phraghsanna allmhairí an táirge chomhchosúil nó an táirge lena bhfuiltear in iomaíocht dhíreach ar táirge de thionscnamh na tíre is tairbhí lena mbaineann é. Déanfar idirdhealú san fhaisnéis sin idir allmhairí fabhracha faoi Rialachán GSP, allmhairí fabhracha eile, agus allmhairí nach bhfuil fabhar acu;

(d) faisnéis maidir le staid na dtáirgeoirí gearánacha de chuid an Aontais, ar bhonn na dtosca a liostaítear in Airteagal 27 de Rialachán GSP;

(e) faisnéis maidir le héifeacht na n-allmhairí a tuairiscíodh faoi (c) ar na táirgeoirí gearánacha de chuid an Aontais, agus aird chuí á tabhairt ar thosca eile sa bhreis a dhéanann difear do chás allmhaireoirí an Aontais.

2. Déanfar an iarraidh agus na doiciméid a ghabhann léi a chur faoi bhráid an Choimisiúin i bhformáid leictreonach.

Measfar gurb é an lá a taisceadh an iarraidh an chéad lá oibre tar éis don Choimisiún admháil fála a eisiúint.

Seolfaidh an Coimisiún cóip den iarraidh chuig na Ballstáit a luaithe a gheofar í.

3. Ní phoibleoidh na húdaráis an iarraidh lena n-iarrtar imscrúdú a thionscnamh mura bhfuil cinneadh déanta imscrúdú a thionscnamh. Mar sin féin, tar éis iarraidh a fháil a bhfuil na doiciméid chuí ag gabháil léi agus sula ndéanfar imscrúdú a thionscnamh, tabharfar fógra do rialtas na tíre is onnmhaireoir lena mbaineann.

4. Féadfar an gearán a aistarraingt roimh an tionscnamh, agus measfar sa chás sin nár taisceadh é.

Airteagal 9

Imscrúdú a thionscnamh ex officio

Féadfaidh an Coimisiún imscrúdú a thionscnamh gan iarraidh de bharr dóthain fianaise *prima facie* a bheith ann go bhfuil na coinníollacha maidir le forchur an bhirt coimirce a leagtar amach in Airteagal 26(1) de Rialachán GSP á gcomhlíonadh.

Airteagal 10

Faisnéis maidir le himscrúdú a thionscnamh

1. San fhógra tionscnaimh a fhoilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*:

(a) déanfar achoimre ar an bhfaisnéis a fuarthas agus ceanglófar nach mór an fhaisnéis ábhartha uile a chur in iúl don Choimisiún;

(b) luafar an tréimhse ar laistigh di a fhéadfaidh páirtithe leasmhara a gcuid tuairimí a chur in iúl i scríbhinn agus faisnéis a thíolacadh, ionas go gcuirfear na tuairimí agus an fhaisnéis sin san áireamh le linn an imscrúdaithe;

(c) luafar tréimhse an imscrúdaithe, agus is éard a bheidh i gceist de ghnáth tréimhse 3 bliana ar a laghad díreach roimh thionscnamh imeachtaí an imscrúdaithe. De ghnáth, ní chuirfear san áireamh faisnéis a bhaineann le tréimhse i ndiaidh na tréimhse imscrúdaithe;

(d) luafar an tréimhse ar laistigh di a fhéadfaidh na páirtithe leasmhara iarraidh a dhéanamh ar éisteacht ó bhéal os comhair an Choimisiúin;

(e) luafar an tréimhse ar laistigh di a fhéadfaidh páirtithe leasmhara a iarraidh go ndéanfadh an tOifigeach Éisteachta um Imeachtaí Trádála idirghabháil.

2. Cuirfidh an Coimisiún ar a súile do na honnmhaireoirí, na hallmhaireoirí agus a gcomhlachais ionadaíocha arb eol dó baint a bheith acu leis an scéal, d'ionadaithe na tíre is onnmhaireoir lena mbaineann agus do na táirgeoirí gearánacha de chuid an Aontais, go ndearnadh an t-imscrúdú a thionscnamh, agus, ar bhealach ina dtabharfar aird chuí ar chosaint faisnéise rúnda, soláthrófar téacs iomlán an ghearáin i scríbhinn do na honnmhaireoirí aitheanta agus d'údaráis na tíre is onnmhaireoir, agus cuirfear ar fáil é do pháirtithe leasmhara bainteacha eile ach na páirtithe sin é a iarraidh. I gcás ina bhfuil líon an-mhór onnmhaireoirí ann, seachas déanamh mar a luaitear thuas, féadfar téacs iomlán an ghearáin i scríbhinn a sholáthar d'údaráis na tíre is onnmhaireoir nó don chomhlachas trádála ábhartha, agus dóibh siúd amháin.

Airteagal 11

Imscrúdú

1. Lorgóidh an Coimisiún an fhaisnéis uile a mheasann sé nach féidir an t-imscrúdú a dhéanamh dá huireasa.

2. Féadfaidh páirtithe leasmhara a dtuairimí a chur in iúl tríd an bhfaisnéis ábhartha a sheoladh chuig an gCoimisiún. Cuirfear na tuairimí sin san áireamh ach fianaise leordhóthanach a bheith ar a gcúl. Féadfaidh an Coimisiún fíorú i leith na faisnéise a fuarthas a lorg ón tír is tairbhí lena mbaineann agus le haon pháirtí leasmhar.

3. Páirtithe a gheobhaidh ceistneoirí mar chuid den imscrúdú, tabharfar 30 lá ar a laghad dóibh chun freagra a thabhairt. Féadfar síneadh a chur leis an tréimhse 30 lá, agus teorainneacha ama an imscrúdaithe á gcur san áireamh mar is ceart, ar choinníoll go léiríonn an páirtí go bhfuil údar cuí leis an síneadh mar gheall ar na himthosca áirithe a bhaineann leis.

4. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar na Ballstáit faisnéis a sholáthar, agus déanfaidh na Ballstáit cibé beart is gá chun éifeacht a thabhairt d'iarrataí den sórt sin.

5. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar na Ballstáit na seiceálacha agus na scrúduithe riachtanacha uile a dhéanamh, seiceálacha agus scrúduithe ar onnmhaireoirí, ar thrádálaithe, agus ar tháirgeoirí de chuid an Aontais go háirithe, agus féadfaidh sé a iarraidh orthu imscrúduithe a dhéanamh i dtríú tíortha, ar choinníoll go dtugann na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann a dtoiliú agus go dtugtar fógra oifigiúil do rialtas na tíre lena mbaineann agus nach ndéanann siad aon agóid. Glacfaidh na Ballstáit cibé beart is gá chun éifeacht a thabhairt d'iarrataí den sórt sin ón gCoimisiún. Údarófar d'oifigigh an Choimisiúin cúnamh a thabhairt d'oifigigh Ballstát i dtaobh chomhlíonadh a ndualgas, má iarrann an Coimisiún nó Ballstát amhlaidh.

6. I gcás ina bhfuil líon mór páirtithe leasmhara, táirgí nó idirbheart ann, féadfar an t-imscrúdú a theorannú ionas nach mbeidh i gceist ach líon réasúnach páirtithe, táirgí nó idirbheart trí shamplaí a úsáid atá bailí ó thaobh staidrimh de ar bhonn na faisnéise atá ar fáil tráth an roghnúcháin, nó ionas nach mbeidh i gceist ach an méid ionadaíoch táirgí, díolacháin nó onnmhairí is mó a d'fhéadfaí a imscrúdú laistigh den am atá ar fáil. Faoin gCoimisiún a bheidh sé an rogha dheiridh a dhéanamh i ndáil le páirtithe, cineálacha táirgí nó idirbhearta faoi na forálacha samplála sin, cé go dtabharfar tús áite do shampla a roghnú i gcomhar leis na páirtithe lena mbaineann, agus le cead uathu, ar choinníoll go gcuireann na páirtithe sin iad féin in aithne agus go gcuireann siad faisnéis leordhóthanach ar fáil, chun gur féidir sampla ionadaíoch a roghnú. I gcás ina ndéantar cinneadh sampláil a dhéanamh agus go bhfuil roinnt de na páirtithe a roghnaíodh nach gcomhoibríonn ach go pointe, nó nach gcomhoibríonn aon cheann díobh ach go pointe, sa tslí gur dócha go ndéanfaí difear nach beag do thoradh an imscrúdaithe, féadfar sampla nua a roghnú. Mar sin féin, má leanann neamh-chomhoibriú nach beag de bheith i gceist, nó mura bhfuil go leor ama ann chun sampla nua a roghnú, beidh feidhm ag forálacha ábhartha Airteagal 13.

Airteagal 12

Cuairteanna fíorúcháin

1. Féadfaidh an Coimisiún cuairteanna a thabhairt ar allmhaireoirí, onnmhaireoirí, trádálaithe, gníomhairí, táirgeoirí, comhlachais agus eagraíochtaí trádála, agus páirtithe leasmhara eile chun a dtaifid a scrúdú ar mhaithe le faisnéis a fhíorú ar faisnéis í a soláthraíodh faoi tháirgí a bhféadfadh gá a bheith le bearta coimirce ina leith.

2. Féadfaidh an Coimisiún imscrúduithe a dhéanamh i dtríú tíortha de réir mar is gá, ar choinníoll go bhfaigheann sé comhaontú na n-oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann, agus go dtugann sé fógra d'ionadaithe rialtas na tíre lena mbaineann agus nach gcuirfidh siadsan i gcoinne an imscrúdaithe. A luaithe agus a gheofar comhaontú na n-oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann, ba cheart don Choimisiún fógra a thabhairt d'údaráis na tíre is onnmhaireoir faoi ainmneacha agus seoltaí na n-oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil cuairt le tabhairt orthu agus na dátaí atá socraithe chuige sin.

3. Cuirfear iúl do na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann cén cineál faisnéise a fhíorófar le linn cuairteanna fíorúcháin agus cén fhaisnéis is gá a sholáthar le linn cuairteanna den sórt sin, má bhíonn faisnéis dá leithéid i gceist. Féadfar faisnéis bhreise a iarraidh.

4. Sna himscrúduithe a dhéanfar de bhun mhíreanna 1, 2 agus 3, gheobhaidh an Coimisiún cúnamh ó oifigigh na mBallstát a iarrfaidh an cúnamh sin a thabhairt.

Airteagal 13

Neamh-chomhoibriú

1. I gcásanna ina ndiúltaíonn aon pháirtí leasmhar rochtain a thabhairt ar an bhfaisnéis is gá, nó inarb amhlaidh, ar bhealach éigin eile, nach soláthraíonn sé an fhaisnéis sin, laistigh de na teorainneacha ama dá bhforáiltear sa Rialachán seo, nó ina gcuireann sé bac mór ar an imscrúdú, féadfar teacht ar fhionnachtana de réir na bhfíoras atá ar fáil, bíodh na fionnachtana sin dearfach nó diúltach. I gcás ina gcinntear gur sholáthair páirtí leasmhar faisnéis a bhí bréagach nó míthreorach, cuirfear an fhaisnéis sin as an áireamh, agus féadfar úsáid a bhaint as na fíorais atá ar fáil. Ba cheart a chur in iúl do pháirtithe leasmhara céard iad na hiarmhairtí a bhaineann le neamh-chomhoibriú.

2. I gcás nach bhfuil an fhaisnéis a chuir páirtí leasmhar isteach oiriúnach ar gach bealach, níor cheart í a chur as an áireamh ar a shon sin, ar choinníoll nach bhfuil na heasnaimh chomh tromchúiseach sin agus go n-eascródh deacracht mhíchuí astu i dtaobh teacht ar thoradh a bheadh réasúnta cruinn, gur cuireadh an fhaisnéis chuí isteach in am trátha agus gur féidir í a fhíorú, agus go ndearna an páirtí a dhícheall na coinníollacha a chomhlíonadh.

3. I gcás ina ndiúltaítear glacadh le fianaise nó le faisnéis áirithe, cuirfear in iúl láithreach don pháirtí a sholáthair í cé na cúiseanna atá leis an diúltú sin agus tabharfar deis dó rudaí a mhíniú a thuilleadh laistigh den teorainn ama atá sonraithe. Má mheastar nach bhfuil an míniú sásúil, nochtfar na cúiseanna atá le diúltú na fianaise nó na faisnéise sin agus cuirfear in iúl iad i bhfionnachtana foilsithe.

4. Má bhunaítear cinntí ar fhorálacha mhír 1, an fhaisnéis a soláthraíodh sa ghearán san áireamh, déanfar an fhaisnéis sin a sheiceáil, más féidir, agus ar bhealach ina dtabharfar aird chuí ar theorainneacha ama an imscrúdaithe, trí fhaisnéis ó fhoinsí neamhspleácha eile a bheadh ar fáil a cheadú, amhail liostaí praghsanna foilsithe, staitisticí oifigiúla maidir le hallmhairí, agus dearbhuithe custaim, nó trí fhaisnéis a cheadú a fuarthas ó pháirtithe leasmhara eile le linn an imscrúdaithe.

D'fhéadfadh sé go gcuimseodh an fhaisnéis sin sonraí ábhartha a bhaineann leis an margadh domhanda nó margaí ionadaíocha eile, nuair is iomchuí.

5. Má tá páirtí leasmhar nach gcomhoibríonn, nó nach gcomhoibríonn ach go páirteach, sa tslí go bhfuil faisnéis ábhartha á coimeád siar dá réir, tharlódh nach mbeadh an toradh chomh fabhrach céanna don pháirtí agus a bheadh dá mba rud é gur chomhoibrigh sé.

Airteagal 14

Comhad comhdhéanta

1. I gcás inar thionscain an Coimisiún imscrúdú, i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán GSP, cruthóidh sé comhad comhdhéanta. Sa chomhad comhdhéanta beidh faisnéis arna cur isteach ag na Ballstáit, tír is tairbhí, páirtithe leasmhara agus an fhaisnéis ábhartha a fuair an Coimisiún, agus tabharfar aird chuí ar na hoibleagáidí rúndachta a luaitear in Airteagal 47 de Rialachán GSP.

2. Tír is tairbhí lena mbaineann agus tríú páirtithe leasmhara a tháinig chun tosaigh i gcomhréir le hAirteagal 11(2), tá sé de cheart acu rochtain a fháil ar an gcomhad comhdhéanta, ach é sin a iarraidh i scríbhinn. Féadfaidh siad an fhaisnéis uile atá sa chomhad comhdhéanta a iniúchadh, seachas doiciméid inmheánacha arna n-ullmhú ag údaráis an Aontais nó ag údaráis na mBallstát, ar bhealach ina dtabharfar aird chuí ar na hoibleagáidí rúndachta a luaitear in Airteagal 47 de Rialachán GSP. Féadfaidh siad freagra a thabhairt i leith na faisnéise sin agus cuirfear a mbarúlacha san áireamh ach bunús leordhóthanach a bheith tugtha leo.

3. Comhlíonfaidh inneachar comhaid chomhdhéanta na forálacha rúndachta i gcomhréir le hAirteagal 47 de Rialachán GSP.

Airteagal 15

Éisteacht ghinearálta

1. Tá sé de cheart ag tír is tairbhí lena mbaineann agus ag páirtithe leasmhara a tháinig chun tosaigh i gcomhréir le hAirteagal 11(2) éisteacht ó bhéal a fháil os comhair an Choimisiúin.

2. Cuirfidh siad iarraidh i scríbhinn isteach laistigh den tréimhse a leagtar síos san fhógra arna fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, iarraidh ina léireofar gur dócha go n-imreoidh toradh an imscrúdaithe tionchar orthu agus go bhfuil cúiseanna ar leith ann le héisteacht ó bhéal a thabhairt dóibh.

Airteagal 16

Rannpháirtíocht an Oifigigh Éisteachta um Imeachtaí Trádála

1. Tír is tairbhí agus páirtithe leasmhara a tháinig chun tosaigh i gcomhréir le hAirteagal 11(2), féadfaidh siad a iarraidh freisin go ndéanfadh an tOifigeach Éisteachta idirghabháil. Athbhreithneoidh an tOifigeach Éisteachta um Imeachtaí Trádála iarrataí ar rochtain ar an gcomhad comhdhéanta, díospóidí maidir le rúndacht na ndoiciméad, iarratais go gcuirfí siar teorainneacha ama, agus iarratais ar éisteacht a fháil.

2. Má reáchtáiltear éisteacht ó bhéal os comhair an Oifigigh Éisteachta um Imeachtaí Trádála, beidh roinn ábhartha an Choimisiúin rannpháirteach san éisteacht sin.

Airteagal 17

Nochtadh

1. Cuirfidh an Coimisiún in iúl na mionsonraí is bonn do na fíorais agus na breithniúcháin bhunúsacha a ndearnadh cinntí an Choimisiúin dá réir.

2. Is i scríbhinn a dhéanfar an nochtadh. Cuimseoidh an scríbhinn sin fionnachtana an Choimisiúin, agus léireofar inti an rún atá aige i dtaobh cé acu a dhéanfar gnáthdhleachtanna Comhtharaife Custaim a thabhairt isteach arís nó nach ndéanfar.

3. Déanfar nochtadh, agus aird chuí á tabhairt ar chosaint faisnéise rúnda, chomh luath agus is féidir agus, de ghnáth, tráth nach déanaí ná 45 lá roimh chinneadh cinntitheach ón gCoimisiún i dtaobh aon togra maidir le gníomhú críochnaitheach, agus i gcás ar bith, tráth a bheidh iomchuí a mhéid a bhaineann leis na páirtithe barúlacha a thabhairt uathu agus leis an gCoimisiún na barúlacha céanna a mheas. Má tá fíorais nó breithniúcháin áirithe nach féidir leis an gCoimisiún a nochtadh an t-am sin, nochtfar iad sin a luaithe is féidir ina dhiaidh sin.

4. Ní rud é an nochtadh a ndéanfar dochar dá réir d'aon chinneadh a dhéanfar amach anseo, ach, más ar aon fhíoras eile nó ar aon bhreithniúchán eile a bhunófar cinneadh eile amach anseo, nochtfar iad sin a luaithe is féidir.

5. Aon aighneacht a dhéanfar tar éis an nochtadh a thabhairt, ní chuirfear san áireamh í ach amháin má fhaightear í laistigh den tréimhse a shocróidh an Coimisiún i ngach cás, tréimhse nach mbeidh níos lú ná 14 lá, i bhfianaise na práinne a bhaineann leis an gceist.

Airteagal 18

Athbhreithniú

1. In aon chás inar tugadh gnáthdhleachtanna na Comhtharaife Custaim isteach arís, féadfaidh aon pháirtí leasmhar iarraidh i scríbhinn a chur isteach go ndéanfaí na fabhair tharaife a athbhunú, agus fianaise *prima facie* a thabhairt san iarraidh sin nach bhfuil na húdair a bhí leis na gnáthdhleachtanna a thabhairt isteach arís i gceist a thuilleadh. Féadfaidh táirgeoirí de chuid an Aontais iarraidh i scríbhinn a chur isteach go gcuirfí síneadh ama le tréimhse athbhunaithe na ngnáthdhleachtanna, agus fianaise *prima facie* a sholáthar san iarraidh sin go bhfuil na húdair a bhí leis na gnáthdhleachtanna a thabhairt isteach arís i gceist i gcónaí.

2. Féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh féachaint an gá gnáthdhleachtanna na Comhtharaife Custaim a athbhunú in aon chás ina measann sé go bhfuil údar lena leithéid d'athbhreithniú.

3. Beidh feidhm ag forálacha na caibidle seo *mutatis mutandis* maidir le hathbhreithniú na mbeart coimirce.

Airteagal 19

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN